

# An Scéim: An Gúm 1926-2016

Cnuasach Aistí

Máirtín Coilfeir  
a chuir in eagar

 AN GÚM  
Baile Átha Cliath

© Foras na Gaeilge agus na húdair, 2020

Dearadh agus leagan amach: Máirtín Coiféir  
Clúdach: Muiris Ó Raghallaigh

Spectrum a chlóbhual in Éirinn

ISBN 978-1-85791-965-3

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Gabhairimid buíochas le Comhlacht Ionadaíoch na hEaglaise, Eaglais na hÉireann agus le David Lawrence as cead a thabhairt an íomhá den fhuinneog dhaite le Austin Molloy ar leathanach 99 a úsáid.

*Foilseacháin an Ghúim a cheannach*

Siopaí

*An Siopa Leabhar* (01) 478 3814  
*An Siopa Gaelge* (074) 973 0500  
*An Ceathrú Póilí* (028) 90 322 811

Ar líne

[www.litriocht.com](http://www.litriocht.com)  
[www.siopagaeilge.ie](http://www.siopagaeilge.ie)  
[www.siopaleabhar.com](http://www.siopaleabhar.com)  
[www.siopa.ie](http://www.siopa.ie)  
[www.cic.ie](http://www.cic.ie)  
[www.icsltd.ie](http://www.icsltd.ie)

# Nua-Fhilí agus an Sean-Scéal Céanna

Aifric Mac Aodha

In aiste dar teideal ‘Nuafhilíocht na Gaeilge 1966-1986: Úire agus Buaine,’ tugann Eoghan Ó hAnluain cuntas ar na dánta ‘den anallód’ a bhí ar an gcúrsa tráth a raibh sé féin ar an meánscoil:

Dhúisigh na dánta seo uile i m’aigne saol tuaithe i bhfad ó shin is in imigéin, ar shiúl ó shráideanna na cathrach – aibhneacha agus sléibhte, coillte dubha daraí, caoráin agus móinéir, cur an earraigh agus baint an fhómhair, seisrigh gan scor agus branar gan cur, aontaí agus margáí, tithe tábhairne ... agus araile (1986: 7).

Tá iomaire cinn á ghearradh ag Ó hAnluain leis na línte thusa agus é á réiteach féin do phríomhchúram a léirmheasa, cuntas fuinniúil a thabhairt ar an bhfearrann úr filíochta a leathnáigh roimhe a luaithe agus a bhí curaclam na scoile ar a chál.

Faoin mbliain sin 1966, bhí iarracht éigin déanta ag an nGúm ar chúrsaí filíochta a thabhairt chun úire agus chun buaine. Bhí an díolaim *Nuafhilí* (1956) deich mbliana ar an bhfód agus foilsíodh an dá chomhleabhar, *Nuafhilí 2* (1968) agus *Nuafhilí 3* (1979), laistigh den tréimhse chéanna a spreag alt Uí Anluain.

Tá a chreidiúint sin ag dul d'fhear faoi leith. Déarfá nach raibh machaire réidh roimh Shéamus Ó Ceileachair, fear eagair na *Nuafhlí*, nuair a chuir sé roimhe an chéad leabhar den tsraith a chur i gcló. Ba dhuine é, áfach, nár ghlac go humhal le diúltú, rud a léiríonn an comhfhlreagras i dtaobh a shaothair féin mar fhile. In ainneoin gur éirigh leis an scríbhneoir seo níos mó ná cnuasach amháin dá chuid féin a chur amach leis an nGúm, is é firinne an scéil go ndéanadh léitheoirí na Roinne Oideachais ionsaí fiochmhar ar a chuid iarrachtaí, idir theanga agus ábhar. Séan Mac Giollarnáth, mar shampla, bhí sé den tuairim nár chóir go bhfoilseofaí saothar ar bith leis:

Sé is dóigh liom nach bhfuil a dhóthain Gaedhilge ag an sgríbhneoir seo chun filidheacht a dhéanamh.

An file a sharuigheann rialacha na filidheachta ar mhaithe leis an bhfilidheacht bionn sean-eolas aige ar na seanrialacha. Ach ní fiú dom a thuille a rádh mar níl rial nua nó sean ag an sgríbhneoir seo, ná ceol ná cumadóireacht.

An fiú liom é a chur i gcló? Ní fiú (Comhad Ni2o8).

Cuireann Mac Giollarnáth sampla den saothar féin in éineacht leis an leathán mintuairisce mar thacaíocht lena thuairim ghéar:

Canann dom gach ní fé'n spéir,  
Aoibhinn glór an cheoil go léir,  
Bím-se, luibheanna, bláthá is éin  
I sruth na beatha ag seol i n-aon (Comhad Ni2o8).

Níor chuir An Seabhac fiacail ann ach oiread, mar ba dhual dó:

D'fhéadfá a rádh go bhfuil leor-chuid gnáth-Ghaeilge ag an údar seo. Ní gan locht atá san féin ach b'fhéidir go bhféadfáí gabháil lena bhfuil aige múna mbeadh ag teastáil chun a ghnótha annso ach an saghas san ...

Níl an téagar ná an saidhbhreas ná an slacht ná an doimhneas a theastuigheann chun blas a chur ar fhilíocht i gcumas an duine seo. Gnáth-chainnt atá aige ach tá níos mó san ag teastáil chun filíochta.

Ní féidir a rádh go bhfuil na hábhair a ghlac sé chuige ioncháinte: níl duine: nílid gan bheith rí-choitianta i dteangacha eile (Béarla go mórmhór).

Dar liomsa, níl ann ach gliogaireacht bheag ná fuil beathú duine innti ó thaobh teangan ná ábhar ná ealadhan.

Níor tumadh an t-údar seo i dTobar na Naoi mBÉ (Comhad Ni153).

Ní raibh aon uair ann a diúltáodh do shaothar leis, áfach, nár chuir Séamus Ó Ceileachair a mhíshástacht in iúl, láithreach:

Ba mhaith liom na dearmadtaí cainnte agus gramadaighe a tugadh fé ndear im dhánta fháil uaibh. Níor mhaith liom aon tuairim faoi'n fhilíocht féin d'fháil agus coimeádaigí iad uaim led' thoil.

Gabhad buidheachas leis an Aire agus innsfead mo dhíombhadh dhó (Comhad Ni153).

Nuair a sheasadh Séamus Ó Ceileachair an fód, is minic a dhéanadh sé tagairt don mholadh mór a bhí ag a chuid cairde móra i gcúirt liteartha na hÉireann dó. Shamhlófá gur mhó de dhochar ná de mhaith a dhéanfadh a leithéid seo thíos d'fhile ar bith a bhí ag obair i ngort na Gaeilge, an tráth sin go háirithe:

Ní raibh aon tuairim agam go raghadh léightheoirí na Roinne siar ar bheith na n-ughdar (Ó Corcara etc.) ...

Dubhaint Francis McManus liom dá mbeidís i gcló go dtógfadh sé láithreach iad mar gurb iad an t-aon ní dá shórd iad ...

Fiú amháin bhí litir agam ó Ollamh i Sasana a chuireann suim i bhfilíocht Ghaedhilge: *I did not think you could write such poetry in the traditional method. I don't mean you, I mean anyone* (Comhad Ni153).

Ní foláir ná gur theastaigh duine mar é, mar sin féin, duine gan náire agus duine nach ligfeadh a chnámh leis an madra, chun go dtabharfaí na trí bhailiúchán uaillmhianacha seo ar an saol, go háirithe nuair a chuimhnítear nach raibh aon mhaolú tagtha ar amhras na mbreithiúna i dtaobh a chumais féin sa teanga:

Mholfainn go láidir don Roinn gan údarás a thubhaint do SÓC an duanaire seo chur le chéile, óir níl a sháith Gaedhilge aige leis an obair sin a

dhéanamh go críochnúil. Ní thig leis, mar shampla, cóip dhílis a dhéanamh de na dánta a bhí fá chló cheana féin (Comhad Ni473/1).

Choinnigh Seamus Ó Céileachair air tríd an súiche ar fad. ‘Dubhsclábhaíocht ab ea an obair seo,’ a deir sé i litir uaidh dar dáta i Iúil 1953, ‘agus admhaím go bhfuil a lán oibre air fós’ (Comhad Ni473/1).

Is dóigh liom go bhfuil roinnt den chrá croí sin le léamh ar an litir a sheol Ó Céileachair chuig an nGúm ar an 10 Nollaig 1954, ina molann sé nach gcuirfí an profa deireanach chuig na scríbhneoirí ar thrí chúis: go mbíonn cuid díobh ‘mall, failitheach,’ ‘go bhfuil cuid eile díobh marbh’ (!) agus go bhfuil go leor acu ‘gan eolas ar an litriú nua’. Bheadh an saol ‘níos réidhe agus níos suaimhní gan iad a chur chucu,’ a deir sé (Comhad Ni473/1).

Tá suas le 250 leathanach in *Nuafhilí*, sampla de 35 file idir na clúdaigh, agus 137 dán ar fad san áireamh ann. A naimhde féin, ligean siad – go pointe – nár bh aon rud beag é an chéad bhaillíúchán a chur le chéile:

Maidir le táille Shéamuis Uí Chéilleachair, is fior gur dhein sé a lán léitheorachta, agus gur dhein sé a lán machtnamh ag sgagadh na filíochta. Bhí air sgríobhadh chuig gach file agus ba thrioblóideach an obair dó slóinnte phoist is mar sin d'aimsíú (Comhad Ni473/1).

Díol spéise iad na litreacha ó na filí éagsúla agus cead á dheonú acu don eagarthóir a gcuid féin a fhoilsíú. Taispeánann Eoghan Ó Tuairisc uirísle nuair a deir go mbeadh sé buíoch den eagarthóir dá ndéanfadh sé ‘ceartú ar litriú nó ar an ngramadaigh aon áit a bhfuil sí bachai ins na dánta’ agus, níos faide anonn sa chomhad céanna, áiríonn Ó Céileachair é ar dhuine de na scríbhneoirí atá breá sásta gélleadh don litriú nua. Ní theastaíonn ach ó bheith a gcuid profaí a fheiceáil, is iad sin Micheál Mac Liammóir agus Máire Mhac an tSaoi (Comhad Ni473/1). Spéisiúil arís go gcuireann an dara duine díobh rogha an Mhoinsíoneoir de Brún in iúl don eagarthóir í féin. Mar seo a dheimhníonn sí an ceart sin aici:

Maidir le dánta m’úncail, tugann sé cead duit ‘Nollaig Bheag i nDún Chaoin,’ ‘Do Mháire, Shéamus agus Bharabara Mhic an tSaoi’ agus ‘Connor’ a chur i gcló. Féadfaidh An Gúm glaoch orm má táid in aon amhras maidir le ceart a bheith agam labhairt thar cheann m’úncail (Comhad Ni473/1).

I gcás *Nuafhilí 1*, as na filí ar fad a roghnaíodh, níl ach duine amháin a ghuíonn gach rath ar an eagarthóir – Caoimhín Ó Conghaile (Comhad Ni473/1).

An chuid is mó den chomhfhreagras i gcás an chéad leabhair, baineann sé le dánta an Ríordánaigh. Feictear Seán Ó hÉigeartaigh, eagarthóir, ag troid ar a shon:

Níor mhaith linn, ar an láimh eile, diúltú glan filíocht ar bith le Seán Ó Ríordáin a ligint sa chnuasach, mar is léir gur beag ab fhiú cnuasach de Nuafhilíocht Ghaeilge gan saothar le Seán Ó Ríordáin ann. Ar deireadh, dá bhrí sin, cheadaíomar sé dhán le Seán Ó Ríordáin, cinn fhada ina measc, a chur sa chnuasach, ar tháille £15.15. Deir [Séamus Ó Céileachair] liom anois nach bhfuil An Gúm toillteanach an táille sin a ioc, ach go n-iocfadh é as a phóca féin (Comhad Ni473/1).

‘Blackmail’ is ea an táille céanna de réir nóta a breacadh i lár an chomhaid.

D’fhéadfadh go raibh iarracht den dúmhál sin le brath ar línte dá leithéid seo, go deimhin, ach is iad a léiríonn ról cosantach an eagarthóra: ‘Mar is eol duit is duine é Seán Ó Ríordáin a bhfuil an tsláinte go dona aige, agus a bhíonn go minic gan bheith ag tuilleamh, mar gheall ar a bhreoiteach’ (Comhad Ni473/1).

Maidir leis an Ríordánach féin, tá sé lasmuigh den chomhfhreagras sin ar fad. Níl ar an gcomhad faoin gclampar go léir ach litir amháin óna pheann:

A Shéamuis, a chara,

Foilsigh aon diabhal rud liomsa is maith leat agus fáilte (Comhad Ni473/1).

Tá dhá dhán ann a ndéantar cinsireacht orthu. Ní chuirtear ‘An Polaiticeoir’ le Niall Tóibín san áireamh ‘mar nach mian leis an Roinn é d’fhoilsiú’ agus socraíonn an t-eagarthóir féin ar ‘An Rúnaí Ceantair’ le Tomás Tóibín a fhágáil ar lár. Tugann Ó Céileachair cúig chúis lena tharraingt siar:

Tá duine i gceist ann  
Tá fhios ag an duine sin go bhfuil  
Ní maith leis é  
Féachann an dán go nimhneach  
Níl aon dán eile dá shórt sa chnuasach agus loiteann sé *tone* an leabhair  
(Comhad N1473/1).

Is léir *tone* sin an dáin ar línte dá leithéid seo:

Ní sclábháí go tréanfhear páirtí  
Adeirimid ar do chúl ...  
Mhalartaíos do chiall agus d'éirim  
Ar thrumpa, adeirimid;

Is gur binn leat tú féin ag séideadh  
Do chum glóire an Taoisigh mhóir  
Is nach léir duit do shúil féin anairde  
Ag feitheamh le féile uaidh (Comhad N1473/1).

Rud amháin a airímid ar Ó Céileachair ná go nglacann sé foclóir Uí Chorcora chuige féin in imeacht na mblianta. Nuair a bhíonn an siar is aniar sin ann maidir le díol an chóipchirt ar dhánta Uí Ríordáin, mar shampla, deir Ó Céileachair nach mbeadh an duanaire ‘representative’ dá uireasa (Comhad N1473/1). Samhláim go bhfuil an focal sin á chur ina bhéal ag Ó Corcora, gur léir tionchar an Ollaimh ar a pheann. Pé ar bith faoi, ó thaobh díolacháin de, b'fhiú an tairbhe an trioblóid *Nuafhilí*. Taobh istigh de sheacht mí, díoladh 1500 coíp den leabhar agus b'shin sular cuireadh ar aon chlár ollscoile é. Ná níorbh aon rith searraigh í:

I enclose a Printing Order No. 23049 for 1,000 copies for the above book. There has been an unexpectedly large demand for the book and the 500 copies which were bound and placed on sale as requested in this Department's communication of the 31 Deireadh Fómhair, 1961 have been sold (Comhad N1473/1).

É sin in ainneoin gur dhiúltaigh an Club Leabhar do *Nuafhilí* ar an mbonn go raibh ‘cuid mhaith de chomhaltaí an Chluib tar éis a ghearrán linn

go bhfuil an iomarca filíochta dá tabhaint dóibh .... *Nua-fhlíocht, Eireaball Spideoige, Gearraigh na hOíche'* (Comhad Ni1473/1). Cuireadh an cnuasach ar chúrsaí ollscoile éagsúla ina dhiaidh sin é – Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ina measc. Agus faoin m bliain 1962 féin, bhí éileamh air go fóill:

D'fhiografiaigh an Dr de Bhaldraithe díom inniu an raibh an leabhar seo ar fail arís go fóill. Muna raibh, dúirt sé, chaithfeadh sé stionsail a dhéanamh de chuid de na dánta agus iad a scaipeadh ar na mic léinn – rud nach gcabhródh ar ndóigh le díol an leabhair (Comhad Ni1473/1).

In ainneoin go raibh ceannach maith ar *Nuafhlí*, ní raibh na léirmheasanna rómholtach. Go leor de na léirmheastóirí, maíonn siad go mbaineann sé cuid mhaith ó éifeacht an chnuasaigh tosach a bheith air ag Seán Ó Tuama: 'It's no replacement for Seán Ó Tuama's *Nua-Bhéarsaíocht*', a deir Pearse Hutchinson, mar shampla. Déanann Hutchinson ionsaí freisin ar an leatrom a dhéanann an t-eagarthóir ar fhile ar bith nár rugadh cois Laoi é:

God forbid that I should indulge in that pettiest of Dublin blood-sports, Corkman baiting, but it does seem an odd coincidence that out of thirty-three contributors, eighteen should be from Munster, and of those eighteen, twelve from Cork. Moreover, Seamus Ó Céileachair is a teacher – as are fourteen of his versifiers.

It would be hard to believe that teachers of Munster so far excelled all other professions and provinces in the art of poetry; and a careful reading justifies that incredulity (Comhad Ni1473/1).

Faoin am a thagann *Nuafhlí* 3 ar an bhfód ní fhágta Hutchinson féin ar lár, a bhuí le Gabriel Rosenstock, eagarthóir cúnta Uí Chéileacháir agus duine a d'imir an-tionchar go deo ar an leabhar deireanach den tsraith. Murach é, ní bheadh Michael Davitt ná Cathal Ó Searcaigh san áireamh, mar shampla, rud a thugann Ó Céileachair le fios go minic ina chuid litreacha (Comhad Ni1906). Is nuaí (céard is nua ann?) *Nuafhlí* 3 ná na leabhair a tháinig roimhe, déarfá, rud a thugann a chlúdach gléglas sícideileach le fios dúinn.

Maidir leis an gcéad leabhar, bhí sé i gceist go gcuirfeadh Proinsias Mac Maghnuis réamhrá leis, rud nár tharla ar deireadh. Bhí an réamhrá sin féin ábhairín patuar in áiteanna agus is fiú é a thabhairt ina ionláine anseo, idir a thuis fileata agus a chlabhsúr tomhaiste:

Is fada an lá ó bhí an iomarca filí in Éirinn ná i dtír ar bith eile. Sa tSean-Aimsir bhí na filí chomh líonmhar sin go ndearna idir Ríthe agus Flaithe gearán faoi chraos agus faoi mhór-eileamh na bhfile. Bhí an scéal imithe chomh mór chun donachta gur hiarradh ar Cholm Cille réiteach a dhéanamh idir na filí agus a gcuid máistrí. Is minic mé ag smaoineadh ar an bhfaidhb a bhí le réiteach ag an naomh. I dteannta bheith ina naomh bhí Colm Cille, mar is eol dúinn, ina fháidh. Le linn dó bheith ag tabhairt breithiúnais ar an gceist a cuireadh faoi n-a bhráid ní fheadar ar samhlúiodh dó go dtiocfadh an lá nach mbeadh oiread is file amháin in Éirinn le dán a cheapadh.

Tamall maith sul a rugadh sinn agus le linn dúinn bheith ag dul ar scoil níor ceapadh oiread agus líne amháin filíochta. An abha mhór filíochta a bhí ag dul thar bruach san allód ní raibh inti, sa deireadh, ach sruthánín beag caol a bhí beagnach díscithe. Dálta scríbhneoir de chuid na meanaoise –

*Sol nostra fugit aureus  
confinia;  
est inde dies niveus,  
nox frigida.*

Oíche gheimhreata a bhí ann, gan aon agó, agus d'éag an fhilíocht le cruadhtan an Gheimhrídh sin mar d'éag bunán Chathail Bhuí. Bhí meatha agus seargadh tar éis teacht ar chultúr agus ar lítríocht na nGael agus bhí de chosúlacht air nach dócha go gcloisfí guth an fhile go ceann i bhfad – nó b'fhéidir arís go deo. Ach cloistear glór an fhile iniu agus tá uisce tagtha sa tsruthán agus gluaiseacht faoi arís. Caithfidh gur míorúilt í sin i stair lítríochta na hÉireann!

Ar na filí iad féin – idir bunáin an aon-phoirt agus céirsigh na n-amhrán – atá sé de dhualgas a chruthú cé acu míorúilt dáiríre í nó sop reatha. Ní mór freisin báidh a bheith ag an bpobal leis an bhfile agus meas ar a shaothar ag lucht páipéis nuachta, ag lucht foilsithe leabhar agus ag lucht craolacháin. B'fhéidir go bhfuil daoine ann nach gcreideann fós go bhfuil gluaiseacht

faoi'n uisce i sruthán na filíochta agus, go dtí gur nochtadh an fhianaise, níor chreid mé féin go raibh a leithéid ann.

Tá cuid mhór dá bhuíochas sin ag gabháil do Shéamus Ó Céileachair agus tá cion deichniúir déanta aige ag cur an leabhar seo ar fáil do.

Craoladh cuid mhaith den ábhar atá sa gcnuasach so agus cuireadh fáilte roimh na dréachta go léir agus is críonna inmholta an bheart é oiread sin dán a chur faoi aon chlúdach amháin. Bhéarfaidh an léitheoir faoi dearagh an fion nua atá i soithigh nua go minic ach tá blas an tsean-fhíona go láidir fós air. Tá na sean-mhodhanna curtha i leataoibh le fada an lá agus tá a mhodh féin ag beagnach gach file dar cheap píosa don chnuasach so idir bhun-cheapadh agus aistriú. Sin athrú mór tagtha ar cheird na filíochta agus go dtí go gcloisfear glór an mháistir a mhúchfaidh na mion-ghlórtha eile ní mór dúinn cluas a thabbhait dóibh siúd a chanann a bport roimh scaipeadh do dhorchadas na hoíche. Le cúnamh Dé is gearr uainn an lá geal (Comhad N1473/1).

Baineann, mar a bhain leis an gcéad leabhar, deacrachtaí cóipchirt agus cinsireachta le *Nuafhilí* 2 agus le *Nuafhilí* 3. Chuir an tOllamh Breandán Ó Buachalla cath in aghaidh na Roinne, mar shampla, nuair a d'fhéach siad leis an véarsa deireanach de dhán leis dar teideal ‘Teagasc Chormaic’ a fhágáil ar lár:

Scaip-se leis, an bhréag  
's cuir léi beagainín eile  
's déanfar díot Aire i dTigh Laighean,  
Easpag nú Ollamh Ollscoile (Comhad N1906).

Ach b'fhéidir gur leor sin mar chur síos ar a raibh ar siúl sa chúlra, ar chúla téarmaí, agus nár mhiste cúpla focal a rá faoina bhfuil idir clúdaigh na leabhar féin.

Sa bhrollach a ghabhann le *Nuafhilí* 2, maíonn Séamus Ó Céileachair gur ‘daoine neamhghnácha na filí, daoine tuisceanacha, daoine machnamhacha, daoine somhothaitheacha a ngoilleann an saol mór orthu’ (1968: v). Dá dtiocfad sé i gceist go mbeadh *Nuafhilí* 4 á thiomsú ag duine de mo ghlúin féin agus brollach le cur leis, ní dóigh liom go ligfeadh an náire dó ráiteas mar sin a chur i gcló – rud atá aisteach, b'fhéidir, sa mhéid is gur nósanois lenár bhformhór blag bolscaireachta a bhreacadh

nó féiníní féinmholta a chrochadh ar Facebook, Twitter agus a leithéid. Níl aon cheist air, is ait an tréimhse í seo i stair na ceirde, faoi mar a léiríonn Tracy K. Smith, file círte Mheiriceá, go binn:

The glib, facile, simplistic and prefabricated language by which we as consumers are constantly surrounded is a language that flatters us, that urges us to indulge ourselves, to get away from it all, to be unique by opting in, talking back, liking us on Facebook, leaving a review, sharing, retweeting, etc. It's a sell so smooth that its terms have infiltrated the language of other facets of daily life: that of education (rate your professor; did she make the material relatable and easily digestible or did you have to work to learn something?; what are the job outcomes and earning potential of your intended major?). Individual selfhood has taken on a different tenor; we 'brand' ourselves (what an awful verb, aligned as it is with the practice of burning the owner's initials into flesh), we vie for 'followers' on social media, we turn our experience into 'content' that can be assimilated and 'liked' quickly and reassuringly by others in our network. Friendship is different now, too; we have allowed conversation to be splintered and atomized by the devices we invite to interrupt and distract us. We aren't listening to what or whom we think we are. I'd go so far to say that much of the time, perhaps as an unconscious coping mechanism, we aren't listening at all. Not to other people and least of all to ourselves. We can't afford to (Smith 2018).

Tá an bhrandáil agus an bholscaireacht ag siúl le 'gairm' na filíochta riamh, is dócha. Is spéisiúil an ní é go dtabharfadhl Seán Ó Tuama *Nua-Bhéarsaíocht* ar a dhuanaire clúiteach féin ach go leagfadhl Séamus Ó Céileachair an bhéim ar na nuafhilí féin, ar lucht cumtha na ndánta seachas ar a dtáirge.

Ráiteas eile nach luífeadh go héasca linn, cheapfainn, an ráiteas seo as réamhrá an chéad leabhair: 'Tá an nuafhilíocht seo fite fuaite leis an gCreideamh, mar ba dhual dár litríocht le fada an lá. Cuireann an Creideamh substaint inti' (Ó Céileachair 1956: vi). Ní seasamh é sin a ghlacfadhl formhór na bhfilí 'óga' atá thuas anois, braithim, agus ní móide go mbeadh filí na cléire le feiceáil chomh líonmhar céanna ina measc.

Sa bhrollach a ghabhann leis an gcéad *Nuafhilí*, cosnaíonn an tEagarthóir a rogha fén:

Cá bhfuil an té a thuigeann litríocht a linne fén go hiomlán? Is mó file agus ardchlú air anois gur beag an meas a bhí air ina lá fén, agus ar an taobh eile de bhí filí ann agus ardaim orthu ina ré fén agus gan insint scéil fúthu i láthair na huaire. Le himeacht na haimsire beidh na léirmheastóirí agus na léitheoir ag fail amach cad iad na dánta is fearr sa duanaire seo. Ní bheadh ionadh ar an scríbhneoir seo dá mairfeadh a lán de na dánta anseo (Ó Céileachair 1956: v).

Dáiríre is deacra fós ag léitheoir an lae inniu grán Uí Chéileachair a scaradh óna lóchán. Má bhí dánta na scoile aduain ag Ó hAnluain, shamhlóinn gurb aduaine fós saothar na *Nuafhilí* luatha againne. ‘Príomh-Scim Gach Mná A Culaith’ a mhaíonn Seán Ó Cuirrín, mar shampla:

An fhaid is beo í an bhean  
Mairfidh an spiagaíocht ’na súil;  
Cuma óg, fásta nó sean,  
I bhfeisteas dheas riamh a dúil (in Ó Céileachar 1956: 21).

Chuirfeadh sé iontas orm dá bhfáilteodh iris ar bith leis an dán sin inniu. Is cinnte, leis, nach mbeadh píosa dar tosach ‘A Dhia na Fíre is a Reachtaire’ ar an gcéad rogha ag formhór na n-eagarthóirí Gaeilge ar na saolta seo. Na filí móra ar chuir Ó Céileachair saothair leo i gcló, Máire Mhac an tSaoi, Seán Ó Ríordáin, Eoghan Ó Tuairisc agus a leithéidí, tá insint scéil fúthu fós. Bhí ag an am. Filí áirithe a d’imigh as faisean, tá a n-ainm thusa arís – Liam S. Gógan agus Caoimhín Ó Conghaile go háirithe. Ach is deacair a rá, faoi mar a deirim, ar mhair nó an mairfidh go leor de na dánta a roghnaigh Ó Céileachair. Bealach amháin nó bealach eile, tá na dánta sin greamaithe i meadar anois agus díol áthais dom fén go pearsanta go bhfuil saothar le m’athair ina measc.

Ba é *An Crann Faoi Bhláth* a bhí ar chúrsa na chéad bhliana nuair a thug mé fén faoin gcéim – duanaire, dar ndóigh, ar mhair an Ghaeilge faoi scáth an Bhéarla ann. Dán amháin de chuid *Nuafhilí* a bhí ar leabhar na hArdteiste, más cruinn mo chuimhne. B’shin é ‘Jack’ le Máire Mhac an tSaoi (cé nach é ‘Jack’ a thugtar air sa leagan de atá i gcló ar *Nuafhilí*

ach ‘Saoire Samhraíd’). Gach uair a léimse an sliocht sin le hEoghan Ó hAnluain faoi na dánta a bhí le foghlaim ar an scoil aige, bím in éad leis na glúnta a tháinig romhainn, leis an stórchiste filíochta a bhí iontu go domhain istigh. Is cabhair, ar deireadh, gach díolaim a thiomsaítar má tá an fhlíocht nua, faoi mar a mholann Ó Céileachair, le ‘teacht ón tseanfhilíocht,’ má tá sí le bheith ‘faoi smacht ag an sean’ (1956: vi).

# Tagairtí

## Comhaid de chuid an Ghúim sa Chartlann Náisiúnta

Aoo12. ‘Dracula’ (Bram Stoker / Seán Ó Cuírrín).

Aoo31. ‘Quo Vadis?’ (Henryk Sienkiewicz / Aindrias Ó Céileachair).

Aoo33. ‘Coming Through the Rye / Teacht fríd an tSeagail’ (Helen Mathers / Seosamh Mac Grianna).

Aoo38. ‘Ben Hur’ (Lew Wallace / Seosamh Mac Grianna).

Aoo39. ‘Miracle / An Mhiorbhaitl’ (Clarence B. Kelland / Niall Mac Suibhe).

Aoo40. ‘Wild Rose of Lough Gill / Rós Fiadhain Loch Gile’ (Patrick G. Smith / Tadhg Ó Séaghdha).

Aoo45. ‘Hugh Roach The Ribbon Man / Aodh de Róiste’ (James Murphy / Dómhnall Ó Ceocháin agus Dómhnall Ó Céileachair).

Aoo51. ‘Pinocchio’ (Pádraig Ó Buachalla).

Aoo60. ‘Seeteufel’ (Graf Felix Von Luckner / Pádraig Ó Moghráin).

Aoo62. ‘The Nigger of the Narcissus / An Máirnéalach Dubh’ (Joseph Conrad / Seosamh Mac Grianna’).

Aoo72. ‘The People of the Mist / Cineadh an Cheo’ (H. Rider Haggard / Aodh Mac Seaghain).

Aoo74. ‘The Merchant of Killogue / Ceannaidhe Cille hÓige’ (Edmund Downey / Seán Ó Súilleabhall).

Aoo96. ‘Adventures of a Younger Son / Imtheachtaí Fhear Dheireadh Theaghlaigh’ (Edward John Trelawny / Seosamh Mac Grianna).

Ao106. ‘Almayer’s Folly / Dithchéille Almayer’ (Joseph Conrad / Seosamh Mac Grianna).

Ao119. ‘The Talisman / An Chloch Ortha’ (Walter Scott / Niall Ó Domhnaill).

Ao154. ‘The Key Above the Door / An Eochair ós ceann an Dorais’ (Maurice Walsh / Seán Mac Maoláin).

Ao231. ‘The Power of the Dog / Neart na Cú-Nimhe’ (Donn Byrne / Seán Mac Maoláin).

Ao252. ‘The Last of the Mohicans’ (James Fenimore Cooper / Niall Ó Domhnaill).

Ao282. ‘Islanders’ (Peadar O’Donnell / Seosamh Mac Grianna).

Ao424. ‘The Wreck of the Grosvenor / Báthadh an Ghrosvenor’ (William Clark Russell / Seosamh Mac Grianna).

Goo03. ‘Payment to Artists (to 1932)’.

Goo08. ‘An Gúm Preliminary Correspondence’.

Goo16. ‘Pictorial Jackets: Stock Design’.

Goo20. ‘Sunny Stories Eagarthóireacht agus Promhthaí Vol. I’.

Goo39. ‘Coiste na Leabhar (Miontuairisgí 1926)’.

Goo59. ‘Coiste na Leabhar, Minutes 1927’.

Goo68. ‘An Coiste Foillsiúcháin Miontuairisgí’.

Goo91. ‘Léitheoirí LSS’.

Goo92. ‘Pictorial Jackets for Translations’.

Goi38. ‘Pictorial Wrappers (Artists)’.

Goi98. ‘Leabhra de chuid Miss Marion King’.

Nooo8. ‘Cormac Mac Airt’ (Cormac Ó Cadhlaigh).

Noo32. ‘An Fánaí’ (Seán Óg Ó Caomhánaigh).

Noo48. ‘Astronár’ (Piaras Béasláí).

Noo74. ‘Allagar na hInise’ (Tomás Ó Criomhthain).

No101. ‘An Dílidhe’ (Aindrias Ó Baoighill).

No104. ‘Clocha Sgáil’ (Seán Ó Dálaigh).

- No125. ‘Dhá Sgéal’ (Tadhg Saor Ó Séaghdha).
- No117. ‘An Grá agus an Ghruaim’ (Seosamh Mac Grianna).
- No129. ‘An t-Oileánach’ (Tomás Ó Criomhthain).
- No147. ‘Críost Ríogh’ (Seán Ó Loingsigh).
- No175. ‘Timcheall Chinn Sléibhe’ (Seán Ó Dálaigh).
- No178. ‘Cailín na Gruaige Duinne’ (Úna Uí Dhíosca).
- No212. ‘Parlaimint na mBan’ (An Seabhad).
- No239. ‘Is Claoidhte an Galar an Grádh’ (Liam Gógan).
- No296. ‘Prunella’ (Micheál Mac Liammóir).
- No297. ‘Bun an Dá Abhann’ (Seán Ó Ciarghusa).
- No298. ‘Toil Dé’ (Éamonn Mac Giolla Iasachta).
- No299. ‘Lucht Ceoil’ (Barra Ó Claochlaigh).
- No322. ‘Faoistiní Shain Áistín’ (Seoirse Mac Tomáis).
- No348. ‘Luibhleághadóireacht’ (An Seabhad).
- No392. ‘An Drumá Mór’ (Seosamh Mac Grianna).
- No400. ‘Trí Léigheachta’ (An Seabhad).
- No419. ‘Bruighean Feille (Sgéalta Gearra)’ (Niall Ó Domhnaill).
- No441. ‘Pádraic Ó Conaire agus Aistí Eile’ (Seosamh Mac Grianna).
- No511. ‘An Bhreatain Bheag’ (Seosamh Mac Grianna).
- No517. ‘Cormac na Coille’ (Piaras Béasláí).
- No532. ‘Séamus Mac Murchaidh agus Sgéalta Eile’ (Seosamh Mac Grianna).
- No573. ‘Na Lochlannaigh’ (Seosamh Mac Grianna).
- No800. ‘Eachtraí Mhuinntir Coinín IV – Clann Choinín’ (Marion King).
- No977. ‘Gaedhealg gan Ghruaim’ (M. Déaglán).
- No982. ‘Cruiskeen Lawn’ (Brian Ó Nualláin).
- Ni153. ‘Bláth an Bhaile’ (Séamus Ó Céileachair).
- Ni1208. ‘Cnuasacht Dánta II’ (Séamus Ó Céileachair).
- Ni1222. ‘An Choill Bheo’ (Eilís Uí Chuilleanáin).

- Ni<sub>3</sub>12. ‘Oscar agus an Cóiste Sé nEasóg’ (Eilís Diolún).
- Ni<sub>3</sub>58. ‘Ceol na Coille’ (Eilís Diolún).
- Ni<sub>4</sub>73/1. ‘Nua-fhilí (1942-52)’ (Séamus Ó Céileachair).
- Ni<sub>4</sub>78. ‘Caisleán na nÉan agus Ordóigín (diúltaithe)’ (Críostóir Ó Floinn).
- Ni<sub>5</sub>67. ‘Ticití’ (Críostóir Ó Floinn).
- Ni<sub>6</sub>94A. ‘Cí-Cí agus Scéalta Eile’ (Mrs. M. Costello agus Mrs. M. Barraclough).
- Ni<sub>7</sub>18. ‘Dáithí Lacha’ (Flann Ó Riain).
- Ni<sub>7</sub>35. ‘Dáithí Lacha – Leabhar a Dó’ (Flann Ó Riain).
- Ni<sub>9</sub>06. ‘Nuafhilí 3’ (Séamus Ó Céileachair).

## Foinsí Eile

- Adams, Róisín. (2013) ‘Marion King agus an Gúm: Forbairt Litríocht Ghaeilge na nÓg i mblianta Luatha an Ghúim’. In: Nic Lochlainn, Caoimhe agus Nic Congáil, Ríona (eag.) *Laethanta Gréine & Oícheanta Sí: Aistí ar Litríocht agus ar Chultúr na nÓg*. Baile Átha Cliath: LeabhairCOMHAR: 95-119.
